



Údarás Craolacháin na hÉireann

Bainisteoir (AOF) – Conradh sealadach ar théarma seasta (3 bliana)

Cur síos ar an ról

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) faoin Acht Craolacháin 2009 (“an tAcht”) an 1 de mhí Dheireadh Fómhair 2009, mar rialtóir neamhspléach do chraoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn. Leagann an tAcht amach réimse cuspóirí ginearálta agus cuspóirí ar leith don BAI agus sonraíonn sé go bhfuil ar an BAI iarracht a dhéanamh chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- go bhfreastalaíonn na seirbhísí craolacháin atá ar fáil sa Stát ar riachtanais mhuintir na hÉireann, ag cuimhniú ar theangacha agus traidisiúin éagsúla mhuintir na hÉireann agus ilchineálacht reiligiúin, eiticiúil agus cultúir;
- go dtacaítear leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe na luachanna a bhaineann le saoirse cainte; agus,
- go gcuirtear seirbhísí craolacháin oscailte agus iolraíocha ar fáil.

Leagann an tAcht amach réimse cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeán, éagsúil, agus nuálach a spreagadh;
- cabhrú le craoltóirí seirbhísí poiblí chun a gcuspóirí maidir le seirbhísí poiblí a chomhlíonadh;
- ilchineálacht sna hearnálacha tráchtála agus pobail a spreagadh;
- timpeallacht rialála a chur ar fáil, a chuireann na cuspóirí seo a leanas i gcrích:
 - iriseoireacht neamhspléach agus neamhchlaonta a chothú;
 - comhlíonadh le dlí fosaíochta a chothú;
 - suimeanna leanaí a chosaint;
 - earnáil chraolacháin a spreagadh chun a bheith freagrúil ar riachtanais an lucht féachana agus éisteachta agus freagrúil ar dhaoine ata faoi mhíchumas;
 - forbairt cláir Ghaeilge agus seirbhísí Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Glacann an BAI leis na cúraimí sin trí réimse polasaithe rialála, próisis agus nósanna imeachta, lena n-áirítear:

- Forbairt, feidhmiú agus athbhreithniú ar Stráitéis Seirbhísí Craolacháin a chabhraíonn le polasaithe ceadúnú agus pleananna dinimiciúla agus a chuireann cláir ardchaighdeán ar raidió agus teilifís na hÉireann a chur chun cinn.
- Cur chun cinn na meán iolraíoch trí thaighde ábhartha, comhairle a sholáthar don Aire ábhartha, feidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasáí Úinéireacht agus Smachtú BAI, agus measúnú a dhéanamh ar thograí chónascadh na meán.

- Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht an mhaoinithe phoiblí do RTE agus TG4
- Ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na Códanna Craolacháin, a rialaíonn na caighdeáin agus na cleachtaí a bhfuil ar na craoltóirí cloígh leo.
- Próiseáil agus moltóireacht gearán craolacháin, tríd an gCoiste Comhlíonta.
- Freagracht don Scéim Mhaoiniú Craolacháin chun maoiniú a sholáthar i gcomhair táirgeadh (tríd an Scéim Fuaime is Físe) agus cartlannú (tríd an Scéim Chartlannaithe do chlár raidió agus teilifíse a bhaineann le cultúr Éireannach, dúchas agus taithí. Faigheann an Scéim maoiniú ón gceadúnas teilifís (7%).

Folúntas:

Tá folúntais poist ag an BAI láithreach ag an leibhéal Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) - Conradh sealadach ar théarma seasta (3 bliana).

Beidh iarrthóirí oiriúnacha agus cáilithe ón Státseirbhís nó eagraíochtaí Seirbhís Poiblí eile incháilithe i gcomhair iasacht.

Cuspóir an Róil:

Is ról meánbhainistíochta é Ardoifigeach Feidhmiúcháin laistigh den BAI, le roinnt freagrachtaí bainistíochta suntasacha. Tá ar bhainisteoirí cur le cur i bhfeidhm cuspóirí straitéiseacha an BAI, cur le feabhsú na heagraíochta maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht agus iad féin a iompar i mbealach a thagann le cultúr, luachanna agus cáil na heagraíochta.

Oibríonn bainisteoirí i struchtúr maitrise, agus tá orthu a dtoilteanas a léiriú chun acmhainní a chur i bhfeidhm go solúbtha thar réimse limistéar oibre, i gcomhthéacs gcuid scileanna agus taithí chomh maith le tuarascálacha díreacha. Mar gheall air sin, caithfidh go bhfuil cur chuige an bhainisteora bunaithe ar sholúbthacht, comhoibriú chomh maith le cuntasacht aonair agus comhfhreagracht. Caithfidh go bhfuil bainisteoirí réamhghníomhach maidir le faisnéis a fháil agus ag teacht ar réiteacha. Beidh caidreamh gníomhach ag teastáil leis na Coistí Údaráis agus Reachtúla.

Ba chóir go mbeadh bainisteoirí in ann bainistiú a dhéanamh ar thascanna iomadúla agus éagsúla agus tosaíochtaí contráilte, ag baint úsáide as tarmligean oiriúnach, acmhainneacht, agus ag tabhairt tús áite do thosaíochtaí.

Ba chóir go mbeadh bainisteoirí mar eiseamláirí don bhranda BAI Bainistíocht Fheidhmíochta agus Forbartha (PMD) agus do dtugann siad ceannaireacht le dea-shamplaí trí dul i ngleic le forbairt na foirne chomh maith le haiseolas a spreagadh a chuireann le feabhsú ina chomhlíonadh dulagas. Caithfidh bainisteoirí labhairt lena gcomhpháirtithe maidir le haiseolas a thabhairt don fhoireann chun an próiseas PMD a éascú i gcomhthéacs maitrise.

Réimsí Cúraim:

Beidh an duine, a cheapfar sa ról seo, freagrach as limistéir i bplean oibre an BAI chun tacú le cuspóirí straitéiseacha 2017-2019. Sainmhínítear na limistéir sin nuair a cheapfar an bainisteoir. Is fiú a rá go n-

iarradh ar bhainisteoirí chun cabhrú le cur i bhfeidhm na dtionscadal seo a leanas agus limistéir oibriúcháin san am atá thart:

- Ullmhú agus tíolacadh tuarascálacha an Bhoird
- Gníomhaíochtaí bainistíochta a bhaineann le forbairt agus cur i bhfeidhm limistéir polasaí, cosúil le Códanna agus Rialacha, Forbairt Earnála, iolracht agus úinéireacht na meán srl.
- Gníomhaíochtaí bainistíochta a bhaineann le Craolacháin Seirbhíse Poiblí cosúil le Ráiteas Bliantúil faoi Ghealltanais Chomhlíonta Dualgas, Athbhreithniú ar Mhaoiniú Poiblí agus Measúnaithe ar Thionchar Earnála
- Gníomhaíochtaí bainistíochta a bhaineann le Ceadúnú, lena n-áirítear Conarthaí Roinn 71, Ceadúnú Sealadach agus Institiúideach, Ceadúnú Raidió Phoiblí agus éagsúlachtaí conarthacha
- Gníomhaíochtaí bainistíochta a bhaineann leis an bhFeidhm Comhlíonta
- Gníomhaíochtaí bainistíochta a bhaineann leis na Scéimeanna Mhaoiniú Craolacháin (Fuaim agus Fís agus an Scéim Chartlannaithe)

Cuirtear an liosta seo ar fáil mar threoir do na hiarrthóirí chun cabhrú leo measúnú a dhéanamh ar na limistéir ghníomhaíochtaí a bheidh siad freagrach as má éiríonn leo.

Príomhinniúlachtaí

Baineann an BAI úsáid as Creat Inniúlachta. Beidh ar iarrthóirí a léiriú gonas a d'fhorbair siad na hinniúlachtaí seo trí thaithí agus foghlaim.

Liosta de na hinniúlachtaí:

- Smaointeoireacht Straitéiseach
- Cinnteoireacht
- Réiteach Fadhbanna
- Éifeachtacht Acmhainní
- Fócas ar Gheallsealbhóirí
- Bainistíocht Daoine
- Cumarsáid Soiléir
- Obair mar Fhoireann
- Solúbthacht
- Foghlaim agus Feabhsú

Scileanna agus Taithí Riachtanach

- Cumas a léiriú chun anailisiú a dhéanamh agus smaoinigh go grinn, ceisteanna deacra a thuiscint agus iad a mhíniú go soiléir.
- Scileanna pleanála agus eagrúcháin láidre agus cumas chun rudaí a chur in ord tosaíochta chun an ualach oibre a bhainistiú;
- Scileanna idirphearsanta forbartha a léiriú leis an gcumas chun caidreamh a bhunú le geallsealbhóirí éagsúla agus scileanna idirbheartaíochta a léiriú;
- Cumas chun obair a dhéanamh i d'aonar nó ar fhoirne tionscadail;
- Scileanna cumarsáide scríofa den chéad scoth a bheith agat i bhfoirmeanna éagsúla, lena n-áirítear cáipéisí polasaí, comhfhreagras agus tuarascálacha. Ta scileanna cur i láthair ardchaighdeán ag teastáil chomh maith.

- A bheith críochnúil agus gur éirigh go maith leat go dtí seo le cuspóirí agus aidhmeanna a chur i gcrích.
- Cáilithe chun obair a dhéanamh in Éirinn.

Cáilíochtaí inmhianaithe, scileanna agus taithí

- Tá Céim nó Diplóm aitheanta ag leibhéal 7 ar Chreat Náisiúnta um Cháilíochtaí i ndisciplín ábhartha inmhianaithe, mar shampla i ngnó, bainistíocht, dlí, airgeadas nó eacnamaíocht.
- Taithí le bainistíocht daoine agus gníomhaíochta agus forbairt
- Taithí le bheith ag obair i dtimpeallacht seirbhíse poiblí
- Taithí le bheith ag obair i gcomhtheacs rialála

Is fostóir comhdheiseanna é an BAI agus ba bhreá leis an BAI fáilte a chur roimh dhaoine a bhfuil faoi mhíchumas don phost seo.

Téarmaí agus Coinníollacha an Phoist

Táthar ag súil go ndéanfar tairiscint ar bhonn lánaimseartha, ag obair 37.5 uair in aghaidh na seachtaine.

Grádófar an post ag an ngrád caighdeánach ‘Ardoifigeach Feidhmiúcháin sa Státseirbhís. Tosaíonn an scála pá ag €47,081 go €59,294 (LSI 2) in aghaidh na bliana. Táthar ag súil go ngrádófar an pá ag an gcéad phointe ar an scála.

Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana.

Beidh taistil ag teastáil ó am go ham. Íocfar Taistil agus Cothabháil ag rataí seasta ó am go ham don Seirbhís Phoiblí ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Próiseas:

Ba chóir go gcuireann iarrthóirí a bhfuil spéis acu sa phost sonraí faoina ngairmeacha i CV isteach agus litir chumhdaigh, a dhéanann cur síos ar na atá acu don phost.

Chun cabhrú leis an bpróiseas, tabhair faoi deara go gcaithfidh tú “D’ainm - Folúntas AOF” a scríobh i líne an ábhair más iarratas ríomhphoist é. Má theipeann ort é sin a dhéanamh, seans go mbeidh d’iarratas neamh-incháilithe.

Iarrtar ar iarrthóirí cruthúnas ar a gcuid cáilíochtaí, scileanna, cumais agus eolas, atá ag teastáil don phost Ardoifigeach Feidhmiúcháin mar a luadh sa chur síos, a chur ar fáil sa litir chumhdaigh, le tagairtí d’eachtaí ar leith ina ngairmeacha.

Ba chóir d’iarrthóirí beirt mholtóirí a sholathar. Is é polasaí an BAI dul i dteagmháil le moltóirí nuair atá iarrthóir á meas don phost.

Ba chóir go gcuirfear iarratais isteach trí ríomhphost chuig: reception@BAI.ie faoi **12, meán lae, Dé hAoine an 1 de mhí Mheán Fómhair, 2017**. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.